# AN GARDA SÍOCHÁNA




## RÁITEAS 2013 - 2015


GARDA
TRAFFIC CORPS
GARDA
GARDA

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **Misean, Fís agus Luachanna An Gharda Síochána** | | **2** |
| **Réamhrá an Choimisinéara** | | **3** |
| **Múnlú na Straitéise** | | **4** |
| **Spriocanna Straitéiseacha** | | |
| Sprioc a hAon | Slándáil Ár Náisiún | 6 |
| Sprioc a Dó | Oibríochtaí Póilíneachta Réamhghníomhach | 8 |
| Sprioc a Trí | Pobail a Choimeád Slán Sábháilte | 10 |
| Sprioc a Ceathair | Seirbhís Phroifisiúnta a Sholáthar | 12 |

AN GARDA SÍOCHÁNA

**FÍS** **'Scoth na seirbhíse á cur ar fáil ag scoth na ndaoine'**

**MISEAN** **Ag obair leis an bpobal chun iad a Chosaint agus Freastal orthu**

## LUACHANNA

**MACÁNTACHT** A bheith macánta agus eiticiúil, ag cloí le prionsabail na cothroime agus na córa

**FREAGRACHT** Ag glacadh freagracht phearsanta agus ag cinntiú freagracht phobail

**MEAS** Meas ar dhaoine, a gCearta Daonna agus a riachtanais

**PROIFISIÚNTACHT** Ag cur seirbhís phroifisiúnta Phóilíneachta ar fáil don phobal uile



# Réamhrá

Tá áthas orm Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána do na blianta 2013 to 2015 a chur i láthair. Déanfaidh an Straitéis seo an Garda Síochána a threorú trí chur leis na beartais rathúla a cuireadh i gcrích sna blianta atá thart maraon leis na srianta airgeadais sa todhchaí a aithint. Déanfar airgead a shábháil agus cuirfear le héifeachtúlacht oibríochta mar atá riachtanach de réir aidhmeanna an Rialtais. Is í cuspóir staitéiseach An Gharda Síochána ná oibriú i gcomhpháirtíocht chun ár bpobail a choinneáil slán. Bainfear amach an chuspóir seo trí cheithre Sprioc Straitéiseacha:

| | |
|---|---|
| **Sprioc a hAon** | **Slándáil Ár Náisiún** |
| **Sprioc a Dó** | **Oibríochtaí Póilíneachta Réamhghníomhach** |
| **Sprioc a Tri** | **Pobail a Choimeád Slán Sábháilte** |
| **Sprioc a Ceathair** | **Seirbhís Phroifisiúnta a Sholáthar** |


Aithníonn an Garda Síochána go gcaithfear níos mó a dhéanamh le níos lú acmhainní sa todhchaí. Tá éifeachtúlacht thar na bearta bainte amach ag an nGarda Síochána le tamall anuas, ach ag an am céanna tá caighdeáin arda póilíneachta agus seirbhísí slándála atá feiliúnach d'éilimh na 21ú Aoise á gcaomhnú. Is dúshlán ollmhór é don gharda Síochána luach ar airgead a chur ar fáil go leanúnach i bhforbairt agus i gcur seirbhísí póilíneachta ar fáil. Chun freagairt don dúshlán seo, tá forbairt eagraíochtúil shuntasach á déanamh sa Gharda Síochána, agus tá roinnt tionscnaimh chun athraithe móra a chur i bhfeidhm, faoi lánseol cheana féin.

Tá mé meáite ar Chlár Forbartha agus Athruithe a chur i bhfeidhm chun go mbainfear an tairbhe is fearr as an eagraíocht agus ár bhfoireann. Déanfar é seo trína chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní maraon le barr feabhais a chur ar na seirbhísí póilíneachta i dtréimhse a mbeidh srianta airgeadais orainn. Díreoidh an Garda Síochána ar éifeachtúlacht a bhaint amach trí chlár Athchóirithe agus Athchumraithe i modhanna soláthar seirbhísí a chur i bhfeidhm, comhchéimnithe le hathruithe i gcleachtais oibre agus socraithe nua uainchláir.

Beidh athruithe móra eagraíochtúla á gcur i bhfeidhm sa Gharda Síochána thar an tréimhse trí bliana atá romhainn. Dá bharr seo cuirfear modhanna nua i soláthar seirbhísí póilíneachta i bhfeidhm. Is sampla den athrú seo é clár uaillmhianach an Gharda Síochána maidir le Nuachóiriú Ceantar agus Stáisiún. Tá na pleananna don bhliain 2013 agus do na blianta ina dhiaidh sin tagtha chun cinn go maith agus cuirfear faoi bhráid an Aire Dlí agus Comhionannais iad laistigh den téarma reachtúil atá leagtha síos dúinn faoi Acht an Gharda Síochána 2005.

Léiríonn na tionscnaimh phóilíneachta agus na tionscnaimh i dtaca le forbairt eagraíochtúil atá leagtha amach sa straitéis seo tosaíochtaí an Rialtais maidir le póilíneacht, comhairliúchán agus aiseolas ón bpobal maraon le taithí an Gharda Síochána i soláthar seirbhís phóilíneacht phroifisiúnta éifeachtúil. Nílim ag iarraidh beag is fiú a dhéanamh de na dúshláin atá romhainn, ach ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil muinín agam as an méid is féidir a bhaint amach agus muid ag obair le chéile. Leanfaidh muid lenár bhfealsúnacht maidir le póilíneacht phobail agus déanfaidh muid nascadh, i gcomhpháirtíocht, le réimse áisíneachtaí reachtúla agus deonacha agus le hionadaithe pobail. Tá sé seo riachtanach le haghaidh seirbhís phóilíneachta éifeachtach, fhreagrach agus inniúil a chur ar fáil.


Is eol dom an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim eacnamaíochta ar leibhéil choiriúlachta, ar phobail áitiúla agus ar ár mbaill féin idir shibhialtach agus iad siúd faoi mhionn.Tá mé tiomanta i dtaca le príomhchuspóir an Gharda Síochána, is é sin, coiriúlacht agus gníomhaíocht choiriúil a chosc, a bhrath agus a thoirmeasc agus a chinntiú go mbeidh daoine ag aireachtáil sábháilte ina dtithe féin, ar na bóithre agus inár bpobail. Leanfaidh an Garda Síochána ag díriú ar bhaill den fhórsa a choimead agus a bheith infheicthe inár bpobail, ag obair le daoine áitiúla agus lenár bpáirtithe chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht, coiriúlacht, mí-úsáid drugaí, eachtraí móréigeandála, cionta tráchta agus iompar frithshóisialta maraon le forbairt a dhéanamh ar ár n-eagraíocht chun déileáil leis na dúshláin seo agus dúshláin eile.



**Martin Callinan**
Coimisinéir An Gharda Síochána

# MÚNLÚ NA STRAITÉISE




Tuairimí Foirne
Acht an Gharda Síochána 2005
Anailís Chomhshaoil
STRAITÉIS
Tosaíochtaí an Rialtais
Comhairliúchán Poiblí ar líne
Comhairliúchán le Páirtithe & Páirtithe Leasmhara

# SPRIOC A HAON SLÁNDÁIL ÁR NÁISIÚN



Is í príomh aidhm an Gharda Síochána ná Slándáil Náisiúnta a chinntiú. Tá muid tiomanta Slándáil Náisiúnta a dheimhniú agus leanfaidh muid lenár ról cosanta i slándáil idirnáisiúnta.

| AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA | TIONSCNAIMH | TORADH |
|---|---|---|
| **Slándáil ár Náisiúin a Chinntiú** | • Oibríochtaí sonraithe dírithe ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus antoisceacha, easaontóirí poblachtacha san áireamh<br>• Oibríochtaí dírithe ar ghníomhaíocht coireachta eagraithe, ina mbíonn grúpaí sceimhlitheoireachta páirteach | **Stát Slán Sábháilte** |
| **Leanacht lenár ról i Slándáil Idirnáisiúnta** | • Ullmhúchán níos fearr d’eachtraí móréigeandála<br>• Malartú leanúnach eolais agus faisnéise leis na háisíneachtaí cuí sa bhaile agus go hidirnáisiúnta | **Ról Gníomhach i Slándáil Idirnáisiúnta** |

# STÁT SLÁN SÁBHÁILTE

# SPRIOC A DÓ OIBRÍOCHTAÍ PÓILÍNEACHTA RÉAMHGHNÍOMHACH




Grianghrafadóireacht le caoinchead ó Mark Condren

Tá an Garda Síochána tiomanta an pobal uile a chosaint ó mhórdhíobháil. Déanfaimid oibríochtaí sonracha póilíneachta a fhorbairt i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe chun coireacht a laghdú agus sábháilteacht ar na bóithre a chinntiú.

| AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA | BEARTAIS | TORADH |
|---|---|---|
| **Dul i ngleic le gach cineál coireachta** | • Oibríochtaí póilíneachta eolas bhunaithe chun dul i ngleic le coiriúlacht<br>• Oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe uile chun iarracht a dhéanamh an bhagairt ó choireacht a chosc<br>• Díriú ar choireacht eagraithe agus ar ghréasáin gháinneála ar dhaoine agus ar dhrugaí<br>• Imscrúdú éifeachtach ar dhaoine atá páirteach i gcoireacht an bhóna bháin agus coireacht airgeadais<br>• Leanacht ag díriú ar choireacht maoine agus ciontóirí seasmhacha<br>• Dul i ngleic go gníomhach le gach cineál coireacht fhoréigneach | **Laghdú Coireachta** |
| **Timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach duine a bhaineann úsáid as na bóithre** | • Gach rud a dhéanamh chun nach mbeadh coirpigh in ann na bóithre a úsáid ar mhaithe le gníomhaíocht choiriúil<br>• Oibriú i gcomhpháirtíocht le háisíneachtai eile chun ár straitéis um póilíniú bóithre a chur i bhfeidhm<br>• Díriú ar phóilíniú tráchta a chur i bhfeidhm chun líon na mbásanna agus na ndroch ghortaithe ar na bóithre a laghdú agus dul i ngleic le hiompar chontúirteach ar na bóithre | **Bóithre Sábháite** |

# LAGHDÚ COIREACHTA, BÓITHRE SÁBHÁITE

# SPRIOC A TRÍ POBAIL A CHOIMEÁD SLÁN SÁBHÁILTE




Aithníonn an Garda Síochána tábhacht na póilíneachtaí atá bunaithe sa phobal. Leanfaidh muid ar aghaidh i gcomhpháirtíocht lenár bpobail, ag dul i ngleic le hiompar a chuireann isteach ar cháilíocht beatha inár bpobail.

| AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA | BEARTAIS | TORADH |
|---|---|---|
| **Go mothódh an Pobal níos sábháilte** | • Gníomhaíocht i gcomhpháirtíocht leis an bpobal chun straitéisí póilíneachta cuí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais agus tosaíochtaí an phobail<br>• Leanacht ag tacú le íobartaigh coireachta agus feabhas a chur ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh | **Slán Sábháilte sa Bhaile** |
| **Seirbhís phóilíneachta a chur i bhfeidhm a aithníonn riachtanais agus tosaíochtaí an phobail** | • Tacaíocht agus cosaint a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha agus ilchineálacha i measc an phobail trí phóilíneacht phobail agus rannpháirtíocht réamhghníomhach<br>• Díriú ar thionscnaimh chun coireacht a laghdú agus a chosc<br>• Leanfaidh An Garda Síochána ag comhoibriú lenár bpáirtithe chun dul i ngleic le neamhord poiblí agus iompar frithshóisialta a chuireann isteach ar cháilíocht na beatha i measc an phobail<br>• Seirbhís phóilíneachta infheicthe agus sofhreagrach a chur ar fáil | **Pobail Shábháilte** |

SLÁN SÁBHÁILTE SA BHAILE, POBAIL SHÁBHÁILTE

# SPRIOC A CEATHAIR SEIRBHÍS PHROIFISIÚNTA A SHOLÁTHAR



Leanfaidh An Garda Síochána ag baint úsáid éifeachtach as na hacmhainní uile atá ar fáil chun seirbhís phóilíneachta phroifsiúnta a sholáthar.

| AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA | BEARTAIS | TORADH |
|---|---|---|
| **Ag úsáid acmhainní go héifeachtach agus go nuálach** | • Cur chuige nua póilíneachta a fhorbairt a chinnteoidh go gcaomhnófar soláthar seirbhísí de réir ár n-acmhainní agus ár mbuiséad<br>• Athchóiriú a dhéanamh ar an eagraíocht chun dul i ngleic ar an mbealach is fearr leis na dúshláin a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil agus éilimh an phobail | **Úsáid is Fearr as Acmhainní** |
| **Ár n-eagraíocht agus ár bhfoireann a fhorbairt** | • Eolas agus scileanna ár bhfoireann a chothú agus a fhorbairt chun a chinntiú go mbeimid in ann dul i ngleic le coireacht agus freastal ar riachtanais ár bpobail<br>• Leanacht ag cur feabhais ar chórais feidhmíochta agus freagrachta<br>• Leas a bhaint as teicneolaíocht agus faisnéis chun éifeachtúlacht a ghineadh i soláthar seirbhísí póilíneachta<br>• Bonnchostas na heagraíochta a laghdú trí dheiseanna i dtaca le iniúchadh a dhéanamh maidir le seirbhísí comhroinnte ar fud na seirbhíse poiblí | **Feabhas ar Sholáthar Seirbhísí** |

# FEABHAS AR SHOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ



Grianghrafadóireacht le caoinchead ó Mark Condren